

Ag freastal ar do choinne trí fhísghlao

Tá físghlaonna áisiúil agus éasca le húsáid

In ionad teacht chuig do choinne, rachaidh tú isteach sa láthair feithimh, bain úsáid as an nasc thíos.

Feicfidh an tseirbhís go bhfuil tú tagtha, agus déanfaidh soláthraí teagmháil leat nuair a bheidh sé/sí réidh.

Ní gá cuntas a chruthú.

Tá físghlaonna sábháilte agus tá do phríobháideacht faoi chosaint.



Conas freastal ar choinne físe?

Teigh chuig:

Cad atá de dhíth chun glaoch a dhéanamh?

- ✓ **Gaireas** chun físghlao a dhéanamh, ar nós fón póca, taibléad, nó ríomhaire le ceamara gréasáin agus callaire (ar fáil ar ríomhairí glúine de ghnáth).
- ✓ **Nasc idirlín maith** (sreangaithe, wifi nó sonraí soghluaiste). Má tá tú ábalta físeán a fheiceáil ar líne, beidh tú ábalta físghlao a dhéanamh.
- ✓ **Áit phríobháideach, le neart solais**, nach gcuirfear isteach ort do do choinne.

- ✓ Úsáid an leagan is déanaí de **Chrome**, **Safari**, nó **Edge** chun an físghlao a dhéanamh.



Google Chrome
Windows, Android,
macOS



Apple Safari
macOS, iOS,
iPadOS



Microsoft Edge
Windows

Cad is gá dom a bheith ar eolas?

An bhfuil sé sábháilte / faoi rún?

Tá do sheomra físeán príobháideach féin agat ní féidir ach le soláthraithe údaraithe dul isteach ann.

Ní stóráiltear aon fhaisnéis a chuireann tú féin isteach.

Cé mhéid a chosnaíonn glao físe?

Tá an físglao saor in aisce.

Leid! Más féidir leat, úsáid líonra Wi-Fi chun úsáid sonraí soghluaiste a sheachaint.

Cé mhéid sonraí idirlín a úsáidfidh mé?

Ní úsáideann an físglao sonraí fad agus atá tú ag fanacht . Nuair a thosaíonn do choinne , úsáideann sé an méid céanna sonraí le Skype® nó Facetime®.

Cén chaoi a ndéanfaidh mé m'fhísglao?

1. Oscail do bhrabhsálaí gréasáin agus cuir isteach seoladh gréasáin na seirbhíse sa bharr seoltaí (ní sa bhosca cuardaigh).

2. Ag brath ar na rialtáin atá ar fáil d'fhéadfá ceachtar de na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- Cliceáil an cnaipe **Start Video call** agus roghnaigh do




- Cliceáil **Enter Waiting Area.**

Enter Waiting Area

3. Má iarrtar ort, lig do do bhrabhsálaí rochtain a fháil ar do cheamara agus do mhicreafón.

4. Lean na noda ar-scáileán chun tús a chur leis an bhfísglaoch.

5. Cliceáil **Leave** chun chríochnú.



Leid! Chun fadhbanna coitianta a réiteach, athlódaíl an leathanach i do bhrabhsálaí.

Leid! Má tá cnaipe Test call ar fáil, déan glaoch tástála roimh do choinne chun do chumraíocht a sheiceáil.

1. Cliceáil an cnaipe **Test call** chun tástáil thapa a rith:



2. Má iarrtar ort, lig do do bhrabhsálaí rochtain a fháil ar do cheamara agus do mhicreafón. Ritheann an **Video call setup** trí cheithre chéim tástála: micreafón, ceamara, ceangal, agus callaire.

Cad a dhéanfaidh mé mura n-oibríonn rud éigin?

Téigh chuig <https://wales.nhs.attendanywhere.com/troubleshooting>

Tuilleadh Eolais